Polasaí Um Chás Éigeandála

Plean Gearrthéarmach, Meántéarmach agus Fadtéarmach

Scóip

Baineann an Polasaí le pobal uile Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin

Spriocanna

1. Sainmhiniú athabhairt ar Chás Éigeandála;
2. An fhoireann bhainistíochta um Chás Éigeandála (FBCE) a aithint;
3. Nós imeachta a leagan amach
    - Gearrthéarmach (Lá 1)
    - Meántéarmach (Lá 2-3), agus
    - Ag leanúint ar sin (72 uair a chloig)
4. Tacaíocht i gCás Féinmharaithe;
5. Líosta Seirbhísí Éigeandála achur ar fáil;
6. Próiséas Dífhibrileora/Garchabhrach a léiriú.

Aidhmeanna

Is í an aidhm atá againn i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin ná chun leas ár ndaltaí agus gach ball foirne a chosaint, i dtimpeallacht shábhailte agus oiliúnach. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo feidhmiú chun an plean a éascú, sa chás go gcuirtear eolas chuig bainistíocht na scoile faoi Chás Éigeandála a chuirfear isteach ar pobal na scoile.

Athbhreithniú

Is polasaí beo é seo. Dá bhrí sin déanfar athbhreithniú air go rialta, i gcomhairle le na daoine cuí tar éis gach Cás Éigeandála.

Meáin Chumarsáide

Nuair is gá, déileáilfidh an Príomhoide nó an ball foirne cuí le ceisteanna ó na meáin chumarsáide.

Aguisíní

1. Litir chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí (Litir Shamplach chun cead a lorg ar ionchur gairmiúil)
2. Litir chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí (Litir shamplach ag cur Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar an eolas faoin gás Éigeandála).
3. Ráiteas samplach chuig na Meáin Chumarsáide.
4. Treorlínte – chun eolas a scaipeadh ar na daltaí.

1. Sainmhiniú ar Chás Éigeandála

Is é atá i gceist le Cás Éigeandála ná aon eachtra a chuireann isteach ar ghnáthsaol na scoile.

Samplaí do ghéarchéimeanna a chuireann isteach ar scoileanna:

- Bás ball pobal na scoile de dheasca báis obainn, timpiste, tinneas foirceanta nó féinmharú.
- Timpiste le daltaí nó ball foirne ar áitreabh na scoile nó in aon áit eile.
- Damáiste don scoil e.g. tine, tuillte, pléascadh, loitiméireacht, srl.
- Ball de phobal na scoile a bheith ar iarraidh.
- Timpiste/tragóid sa cheantar máguaird a chuirfidh isteach ar pobal na scoile.

2. Ról na Foirne Bainistíochta um Chás Éigeandála (FBCE)

Beidh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach ar an bhfoireann seo. Beidh níos mó baill foirne ar an bhfoireann, ag brath ar an sórt Cáis atá ann.

Spriocanna na gCruinnithe FBCE:

1) Plé agus leithdháileadh na dtascanna éagsúla;
2) Nuashonrú agus eagrú eolas éigeandála agus uimhreacha teagmhála;
3) An fhreagairt um Chás Éigeandála a aithint (sonraí an phróiséis a leanfaimid).

3. Nós imeachta – Gearrthéarmach (Lá 1), Meántéarmach (Lá 2-3) agus don tréimhse ina dhiaidh (72 uair a chloig)

Freagairt Ghearrthéarmach (24 huaire a chloig díreach i ndiaidh an eachtra)

Más féidir ar chor ar bith é, tá sé tábhachtach cloí le gnáthsaol na scoile agus moltar gnáth-thráthchlár na scoile a úsáid. Tabharfaidh sé sin muinín sábháilteachta agus struchtúir, rud a tabharfaidh sólás do an-chuid daltaí. Ba chóir do múinteoirí deis a thabhairt do dhaltaí an eachtra a tharla a phlé, má tá a leithéid in oiriúint, agus más gá, gníomhaíochtaí acadúla a chur ar ceal.

Seicliosta Gearrthéarmach

Tasc	Tugtha do	Déanta ag
An t-eolas cuí ag baint leis an eachtra a bhailiú, agus na firicí a fháil amach (cé, cá, cathain, srl.)		
Dul i dteagmháil leis na serbhísí tacaíochta/gníomhaireachtaí cuí m.sh. NEPS.		
Cruinniú FBCE a eagrú		
Feitheoireacht daltaí a eagrú		
Cruinniú foirne a eagrú agus a dhéanamh		
An Plean/An Nós Imeachta don chuid eile den lá a eagrú		
Más gá agus cuí, teagmháil a dhéanamh le teaghlach agus cairde an duine agus na daoine ar a dtéann an eachtra i bhfeidhm		
Daltaí a chur ar an eolas faoi		
Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi		
Deileáil leis na meáin chumarsáide (ráiteas a ullmhú agus a aontú)		
Más cuí, áit mhachnaimh dhaltaí a eagrú, ionas gur féidir leo machnamh a dhéanamh ar an eachtra/cad a tharla		
Cruinniú faisnéise don fhoireann ag deireadh an lae a eagrú		

Freagairt Meántéarmach (24-72 uair a chloig)

Uaireanta, bíonn an chéad lá tar éis eachtra ciúin go leor, toisc go bhfuil seans go mbeidh daoine suaite. Tá seans ann go mbeidh níos mó tacaíochta ag teastáil Lá 2, nuair a bheidh

tuiscint níos fearr ag daoine faoin eachtra. Moltar don FBCE bualadh gach lá, go dtí go dtosaíonn an gnáthsaol scoile arís.

Seicliosta Meántéarmach

Tasc	Tugtha do	Déanta ag
Cruinniú FCBE a bhaint amach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar cad a rinneamar do dtí sin, agus an plean do na laethanta ina dhiaidh sin a eagrú		
Bualadh leis an bhfoireann teagaisc		
Más gá agus cuí, bualadh le seirbhísí seachtracha		
Tacaíocht a eagrú do dhaltaí, don fhoireann teagaisc agus múinteoirí		
Plean chun an fhoireann agus na daltaí a ath-imeascadh		
Cuairt a thabhairt ar aon duine gortaithe		
Más gá agus cuí, téigh i dteagmháil leis an gclann maidir le socruithe sochraide		
Freastal sochraide a aontú		
Cinneadh a dhéanamh maidir le dúnadh na scoile/fionraíocht ranganna		
Plean a chruthú chun monatóireachat a dhéanamh ar dhaltaí atá faoi bhrú i rith na seachtaine i ndiaidh an eachtra		

Ina dhiaidh / Freagairt Fhadtéarmach (72 uair a chloig)

Leantas ar an obair i rith na seachtainí, míonna agus mblianta tar éis Cás Éigeandála.
Is í an aidhm atá ag an obair leanúnach ná chun cabhair a thabhairt don phobal na scoile chun deileáil le tionchar na hócáide go fadtéarmach, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar na daoine le deacrachtaí leanúnacha.

Leis sin, is féidir leis an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an gCás Éigeandála agus seirbhís cuimhneacháin a eagrú.

Seicliosta Fadtéarmach

Tasc	Tugtha do	Déanta ag
Monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí/gach ball foirne do bhrú agus strus leanúnach		
Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí maidir le cásanna a chur ar aghaidh chucu.		
Más gá, bualadh leis an bhfoireann scoile ar fad		
Filleadh na daoine/ball foirne atá thíos leis an eachtra seo		
Rudaí pearsanta a thabhairt ar ais don teaghlach		
Seirbhísí agus laethanta cuimhneacháin a shocrú		
Athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagairt na heachtra. An plean a nuashonrú más gá		

4. Féinmharú

Beifear an-chúramach le húsáid an téarma "féinmharú". Ba chóir do ball foirne teagmháil a dhéanamh leis an teaghlach chun na firicí cruinn, agus mianta an teaghlaigh faoi conas cur síos a dhéanamh ar an mbás, a fháil amach. Is féidir frásaí mar "bás tragóideach" nó "bás obann" a úsáid in áit an fhéinmharaithe.

Is féidir leis na fadhbanna/deacrachtaí seo a leanas teacht chun solais nuair a fhaigheann dalta bás agus amhras féinmharaithe faoi:

(a) An Teaghlach

- Déan comhbhrón leo agus tabhair aitheantas dá gcuid brón agus don bhás.
- Eagraigh cuairt bhaile le beirt ball foirne (ach déan deimhin de roimh ré go gcuirfeadh an teaghlach fáilte chuig cuairt mar sin.
- Téigh i dteagmháil leis an teaghlach maidir le tacaíocht oiriúnach ón scoil m.sh. ag an sochraid.

(b) Daltaí

- Tabhair na firicí dóibh, de réir mar atá aontaithe leis teaghlach an dhuine mhairbh.

- Cuir na cairde agus na daoine gaolta ar an eolas faoi ar bhonn ar leith, agus go pearsanta.

- Cruthaigh spásanna sábháilte le tacaíocht láidir do na daltaí, ionas go mbeidh deis acu a gcuid mothúcháin agus smaointí a roinnt.

- Labhair leo faoi na sórt mothúcháin a d'fhéadfadh a bheith acu i rith na laethanta ina dhiaidh sin.

- Ná tabhair clú nó cáil/glóir don duine marbh agus ná déan scéal gáifeach den fhéinmharú. Déan na seirbhísí cuimhneacháin chéanna a dhéanfaí le haghaidh aon bhás eile.

- Labhair leis na daltaí faoin tacaíocht a bheidh ar fáil dóibh. Abair leo gur rud dearfach agus cabhrach is í an chaint.

- Glac go fíor-dháiríre le haon chaint faoi fhéinmharú. Lean prótacol na scoile chun deileáil leis seo. Cuir tacaíocht ar fáil, cuir tuismitheoirí ar an eolas gan mhoill agus déan plé ar roghanna cásanna a chur ar aghaidh sa todhchaí.

- Tá seans ann go mbeidh daltaí ag iarraidh tacaíocht a fháil óna chéile in ionad ó dhaoine fásta. Más féidir agus más cuí, lig dó sin tarlúint. Mar sin féin, ba chóir go gcuirfeadh an scoil eolas chuig daltaí mar gheall ar conas níos mó cabhrach a fháil, má tá sé uathu nó óna gcairde.Tar éis sochraid dalta a chuir lámh ina mbás féin, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an scoil fáilte chuig daltaí nó tuismitheoirí atá ag iarraidh teacht ar ais go dtí an scoil chun tacaíocht a fháil.

5. Líosta Seirbhísí Éigeandála

Seirbhís	Uimhir Teagmhála
Tine	(021) 437 4147
CUH	(021) 492 2000
Gardaí	(021) 491 9370
Uisce (Comhairle Co. Chorcaí)	1890 278 278
Leictreachas	1850 372 999
Bord Gáis	1850 20 50 50
Sagart	http://www.carrigalineparish.ie/contact/ Fr. Pat Fogarty 021 437 1684
Seirbhísí Éigeandála	112 / 999
Dochtúirí	
Owenabue Medical Centre, Ballea Road, Carrigaline	021 437 4997
Carrig Medical Centre, Station Road, Carrigaline	021 437 3555
Cork Road Clinic, Cork Road, Carrigaline	021 437 1177
Carrigaline Surgery, Main Street, Carrigaline	021 437 2635
Bridge House Surgery, Main Street, Carrigaline	021 437 2663
South Doc – Cork City – Southside/Kinsale Road Unit 17/18 South Ring Business Park, Kinsale Road, Co. Cork	1850 335 999

Seoladh na scoile

Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin,
Tigh Pháirc an Uisce,
Carraig Uí Leighin,
Co. Chorcaí
P43 YW71

Latitude – 51.816345
Longitude - -8.386281

6. Dífhibrileoir/Garchabhair

Tá AED (Automated External Defibrillator) sa bhfáiltiú.

Fuair gach ball foirne an treanáil chuí san AED agus is féidir leo é a úsáid.

Déanfar atraenáil bhliantúil.

Tá fearas Garchabhrach sa bhfáiltiú, sa Seomra Eolaíochta, agus sa Seomra Eacnamaíochta Baile.

Turasanna/Imeachtaí Scoile: Tógfar an fearas seo agus beidh cóip den Liosta Seirbhísí Éigeandála ag an mball foirne cuí.

Aguisín 1

1. Litir chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí (Litir shamplach ag lorg cead chun ionchur gairmiúil a fháil)
2. Litir chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí(Litir shamplach ag cur tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin gCás Éigeandála).
3. Ráiteas samplach chuig na Meáin Chumarsáide.
4. Treorlínte – conas eolas a thabhairt do dhaltaí.

1. Litir chuig Tuismitheoir/Caomhnóirí (Litir shamplach ag lorg cead chun ionchur gairmiúil a fháil)

A thuismitheoirí/A chaomhnóirí,

De thoradh an bás tragóideach (X) le déanaí, tá tacaíocht phroifisiúnta eagraithe/socraithe sa scoil do dhaltaí atá ag iarraidh cabhair áirithe.
Tá (X….) le fáil chun cabhrú linn leis an obair seo. Leis an dtacaíocht seo, tabharfar deis cainte agus éisteachta do na daltaí, i ngrúpaí beaga nó ar bhonn aon le haon. Tabharfar comhairle agus cuirfear na daltaí ar a suaimhneas de réir mar is cuí.

Más é do thoil é go gheobhadh do pháiste an tacaíocht seo, sínigh an iatán thíos agus seol ar ais chug an scoil é roimh _____.
Má tá breis eolais uait faoi aon rud thuasluaite, léirigh é seo san iatán nó cuir glaoch ar an scoil.

Mise le meas,

_____
Donnchadh Ó Cróinín,

Príomhoide

.....
Tugaim/Tugaimid cead do mo phaiste/dár bpáiste leas a bhaint as an tacaíocht atá eagraithe/socraithe ag an Roinn Oideachas agus Scileanna.
Tuigim/Tuigimid gur féidir le mo pháiste/lenár bpáiste leas a bhaint as an tacaíocht eagraithe i seisiún aonair nó i ngrúpa, ag braith ar na socruithe cuí.

Ainm an Dalta: _____
Rang/Bliain: _____
Dáta Breithe: _____

Tugaim/Tugaimid cead do mo phaiste/dár bpáiste _____ leas a bhaint as an tacaíocht atá eagraithe/socraithe.

Sínithe ag Tuismitheoir/Caomhnóir: _____

Aguisín 2

2. Litir chuig Tuismitheoir/Caomhnóirí (Litir Shamplach ag cur ar an eolas faoin gCás Éigeandála)

A thuismitheoirí/A chaomhnóirí,

Is oth liom a chur in iúl duit/daoibh gur tharla tragóid/bás (ainm an duine).

Tá an-bhrón orainn go léir faoin mbás seo. (Gearrsonraí faoin eachtra, agus má tharlaíonn bás, cuimhneacháin dearfach faoin duine caillte). Táimid ag cuimhneamh ar (ainm an teaghlaigh) ar fad.

Tá struchtúr tacaíochta curtha i bhfeidhm againn a cabhróidh do pháiste déileáil leis an tubaiste seo (Breis eolais).
Is féidir go mbeidh mothúcháin nó ceisteanna ag do pháiste, a bheidh sé/sí ag iarraidh plé leat. Tá sé tábhachtach go dtugtar eolas fíriciúil, atá oiriúnach dá n-aois. Cé go rachaidh gnáthranganna ar aghaidh, táimid ag súil go mbeidh na laethanta amach romhainn deacair do chách.

Cuirimid eolas úsáideach a cabhróidh do pháiste déileáil leis an am deacair seo faoi iamh. Má tá níos mó eolais uait, téigh a dteagmháil leis an bhfoireann bainistíochta um Chás Éigeandála sa scoil. (Sonraí).

Mise le meas,

_____

Donnchadh Ó Cróinín,

Príomhoide

Aguisín 3

3. Ráiteas Samplach chuig na Meáin Chumarsáide

Is le fíor-bhrón a d'fhoghlaim bainistíocht, foireann agus daltaí Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin faoi bhás (tragóideach) _____.

Déanaimid ár gcomhbhrón ó chroí le teaghlach (ainm an duine caillte).

Nuair a chualamar an scéal, chuireamar ár bPolasaí um Chás Éigeandála i bhfeidhm láithreach.
Bhí cruinniú ag an bhfoireann bainistíochta um Chás Éigeandála chun a dheimhniú go mbeadh an chabhair chuí curtha le fáil do na daltaí go gcuireann an bás seo isteach orthu.

Tá socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfaighidh gach ball de phobal na scoile atá thíos leis an gcailliúint seo an chabhair chuí ag an am deacair seo.
Tá an scoil ag cur comhairleoireacht agus tacaíocht le fáil do dhaltaí, do thuismitheoirí agus don fhoireann.

Freastalóidh agus glacfaidh na daltaí páirt sa sochraid, ar aon dul le mianta an teaghlaigh.
Táimid ag cuimhneamh ar gach duine go gcuireann an tragóid seo isteach orthu inár bpaidreacha.

Aguisín 4

Treorlínte chun eolas a thabhairt do na dhaltaí

1. Leis an bPríomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach i láthair, cuirfear rang an duine chailltear an eolas faoi ar dtús. Ná tabhair ach na firicí mar atá siad agat.

2. Tabhair aitheantas gur nuacht bhrónach atá i gceist agus go bhfuil seans ann go mbainfear geit as na daltaí go mbeidh fearg nú strus orthu. Tabhair aitheantas dá mothúcháin agus lig dóibh a mothúcháin féin a roinnt eatarthu féin.

3. Bí aireach na daoine atá faoi bhrú a aithint.

4. Ainmnigh na daoine eile atá ar fáil chun tacú leo, go háirithe na daoine ar an FCBE agus cá mbeidh siad lonnaithe.

5. Lig do na daltaí cabhair agus tacaíocht a thabhairt dá chéile, ach coiméad sa seomra ranga iad. Ná lig d'éinne imeacht má tá siad faoi bhrú/trina chéile.

6. Tá seans go rachaidh cúpla dalta abhaile. Ná lig dóibh imeacht ach amháin más féidir lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí iad a bhailiú.

Ghlac Bórd Bainistíochta Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin leis an bpolasaí seo ar an 16ú Bealtaine 2016.

Tá sé curtha ar fáil do pháirtithe leasmhara uile na scoile.

Déanfar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar an bPolasaí seo.

Sínithe ag Cathaoirleach an Bhóird:_____

Dáta: _____

Príomhoide na scoile: _____

Dáta: _____